DÉAN TEAGMHÁIL LINN

Is féidir leat coinneáil ar an eolas maidir leis an tionscadal ar ár suíomh gréasáin, áit a mbeidh muid ag postáil uasdátuithe maidir le dul chun cinn agus sonraí faoi oibreacha atá ar siúl. Le haghaidh tuilleadh fiosrúchán, ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh linn ach ríomhphost nó litir a sheoladh chuig:

Bainisteoir Tionscadail SCT NA nGLEANNTACH

Oifig an Tionscadail: Tetra Tech, The Enterprise Fund Business Centre, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall, F92 AF43.

Ríomhphost: GlentiesFRS@tetratech.com

NAISC ÁBHARTHA

Suíomh Gréasáin: **https://countydonegalfrs.ie/glentiesfrs/**

COUNTY DONEGAL
FLOOD RELIEF SCHEMES

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

OPW
Oifig na nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

NA GLEANNTA

Scéim Cosanta Tuilte

Nuachtlitir Uimh.20
Samhain 2026

https://countydonegalfrs.ie/glentiesfrs



CÉN STAID AG A BHFUIL AN TIONSCADAL?

Níor aithin tuarascálacha Anailíse agus Forbartha na Scéime scéim cosanta tuilte ‘innealtóireacht chrua’ atá inghlactha go teicniúil, go sóisialta, ó thaobh na timpeallachta de agus go heacnamaíoch do na Gleannta.

STAIDÉAR PÍOLÓTACH AR RÉITIGH NÁDÚRBHUNAITHE (NBS)

Shainaithin an Staidéar Píolótach ar Réitigh Nádúrbhunaithe (NBS) le haghaidh Bainistíocht Dobharcheantair treoirphlean chun NBS a chur i bhfeidhm ar fud dobharcheantar Abhainn Shrath Chaisil. Aithníodh i measc raon sochar comhshaoil agus sóisialta, go dtiocfadh leis seo riosca tuilte a laghdú.

Tá an Fhoireann Tionscadail i mbun plé le Coillte chun tograí réitigh nádúrbhunaithe a fhorbairt laistigh de thalamh Choillte sa dóigh is gur féidir iad sin a thabhairt chun cinn mar bhearta ardleibhéil laistigh den abhantrach.

LÁ EOLAIS DON PHOBAL

Reáchtálfaidh Foireann an Tionscadail Lá Eolais don Phobal ar an 19 Samhain 2026, in Óstán an Highland sna Gleannta, idir 4pm agus 8pm. Tá eolas faoin Lá Eolais don Phobal ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail ag:

https://countydonegalfrs.ie/glentiesfrs/index.php/public-information-day/

Is é cuspóir lá eolais don phobal ná an pobal a chur ar an eolas faoi thorthaí anailís Chéim I, agus plé a dhéanamh ar an fhéidearthacht tionscadal bunaithe ar an dúlra (NbS) a chur i bhfeidhm i ndobharcheantar Shrath Chaisil. Beidh an Fhoireann Tionscadail ag iarraidh an tacaíocht do thionscadal nádúrbhunaithe in abhantrach Shrath Chaisil a thomhas, rud a bheidh ríthábhachtach dá chur i bhfeidhm.

IMLÍNE AN CHLÁIR

Gníomhaíocht	2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2026
Bailiú Sonraí agus suirbhéanna								
Anailís Hidreolaíochta								
Anailís Hiodrálach								
Anailís agus Forbairt na Scéime								
Staidéar Píolótach Nádúrbhunaithe								
Cur i bhFeidhm Chlár Píolótach Choillte								

Is ionann na hamlínte atá curtha ar fáil agus an meastachán is fearr faoi láthair, ach tá siad faoi réir athbhreithnithe.



Léarscáil Deiseanna Cruthaithe Coillearnaí do Dhobharcheantar Shrath Chaisil



Trasghearradh tipiciúil de dhamba ligeach a d’fhéadfaí a shuiteáil san abhantrach uachtarach